Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Aibreán 2020
(OR. en)

7219/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0060(COD)**

**CODEC 257**
**PHARM 12**
**SAN 126**
**MI 107**
**COMPET 148**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis a mhéid a bhaineann le dátaí cur chun feidhme forálacha áirithe de **(an chéad léamh)**<br>– Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid le go nglacfar an gníomh reachtach<br>– Cinneadh maidir le maolú ón tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas |

1. On 2 April 2020 the Commission sent its proposal[1], based on Articles 114 and 168(4) TFEU, to the Council.

2. Chuathas i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus tá sé beartaithe aige freagra a thabhairt go luath.

4. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ag an seisiún iomlánach a bheidh aici an 16-17 Aibreán 2020.

[1] 7179/20.

5. I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na cúinsí eisceachtúla lena dtugtar bonn cirt leis na bearta atá beartaithe, ní fhéadfar an Rialachán a ghlacadh ach amháin tríd an nós imeachta i scríbhinn.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a chinneadh, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus i gcomhréir le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun:

– go nglacfar an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis a mhéid a bhaineann le dátaí cur chun feidhme forálacha áirithe de, mar a leagtar amach é in PE- CONS 10/20[2]; agus

– go nglacfar, ar bhonn Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, an maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach.

---

[2] beidh PE-CONS 10/20 ar fáil in am trátha.